II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2022/2246 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Samhain 2022

lena leasaítear Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le galar sirg ainsealach in ainmhithe beo den chineál fia

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha maidir le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú ([1]), agus go háirithe Airteagal 23a, pointí (j) agus (m) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú san Aontas. Tá feidhm aige maidir le hainmhithe beo agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a tháirgeadh agus a chur ar an margadh agus i gcásanna sonracha áirithe lena n-onnmhairiú. Leagtar amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 na rialacha maidir le trádáil laistigh den Aontas agus leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin na rialacha a bhaineann le hallmhairí isteach san Aontas. Foráiltear leis freisin, *inter alia* do bhearta cosanta a ghlacadh i gcás ráigeanna TSEnna.

(2) Is einceifileapaite spúinseach in-tarchurtha é an galar sirg ainsealach in ainmhithe den chineál fia agus is galar tógálach é ar féidir leis, dá bhrí sin, cur isteach ar thrádáil laistigh den Aontas, ar allmhairí isteach san Aontas agus ar onnmhairí chuig tríú tíortha.

(3) Chuir an Iorua an Coimisiún ar an eolas, an 1 Aibreán 2016, maidir leis an gcéad chás inar deimhníodh an galar sirg ainsealach ina críoch, i réinfhianna fiáine. Ba é sin an chéad uair a braitheadh galar sirg ainsealach san Eoraip agus ba é an chéad chás nádúrtha ar domhan é i réinfhianna. Ón gcéad chás sin go dtí mí Dheireadh Fómhair 2021, dheimhnigh an Iorua cás amháin ar a laghad gach bliain agus tríocha cás san iomlán: fiche i réinfhianna fiáine, dhá cheann i bhfianna rua agus naoi gcinn i múis.

(4) Ghlac an Iorua beart an 11 Iúil 2016 chun onnmhairiú ainmhithe beo den chineál fia a thoirmeasc ón Iorua, gan dochar do mhaoluithe sonracha.

(5) Ós rud é gur galar tógálach é galar sirg ainsealach, tá baol ann gur féidir leis leathadh go daonraí eile ainmhithe den chineál fia agus go dtí réigiúin eile san Aontas agus i Stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa. Dá bhrí sin, glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1918 ón gCoimisiún ([2]). Chuir an Cinneadh sin toirmeasc ar ghluaiseacht ainmhithe beo den chineál fia ón Iorua isteach san Aontas agus foráladh ann do mhaoluithe sonracha.

([1]) IO L 147, 31.5.2001, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1918 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil le galar sirg ainsealach (IO L 296, 1.11.2016, lch. 21).

(6) An 2 Nollaig 2016, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) tuairim eolaíoch maidir le galar sirg ainsealach in ainmhithe den chineál fia (Tuairim EFSA 2016) ([3]). Moladh sa tuairim sin clár faireachais 3 bliana a chur chun feidhme i ndáil le galar sirg ainsealach in ainmhithe den chineál fia san Eastóin, san Fhionlainn, san Íoslainn, sa Laitvia, sa Liotuáin, san Iorua, sa Pholainn agus sa tSualainn, arb iad na Ballstáit agus na Stáit CSTE a bhfuil daonra réinfhianna nó daonra mús acu, nó a bhfuil daonraí den dá chineál acu, chun leitheadúlacht agus raon geografach an ghalair searg ainsealaigh a bhrath agus a mheas. Thángthas ar an gconclúid i dTuairim 2016 ó EFSA freisin gurb í gluaiseacht ainmhithe beo den chineál fia an bealach is dóchúla ina dtugtar isteach agus ina leathnaítear galar sirg ainsealach agus chuir sé i dtábhacht go láidir go bhfuil dóchúlacht níos mó ann go dtabharfaí galar sirg ainsealach isteach trí úsáid a bhaint as baoití sealgaireachta nádúrtha atá déanta as fual ainmhithe den chineál fia. Dá bhrí sin, mhol sé íoslaghdú a dhéanamh ar ghluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia agus scor d'úsáid a bhaint as baoití sealgaireachta atá déanta as fual ainmhithe den chineál fia.

(7) Tar éis ghlacadh Thuairim EFSA 2016, leasaíodh Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 le Rialachán (AE) 2017/1972 ón gCoimisiún ([4]) chun foráil a dhéanamh do chlár faireacháin 3 bliana i ndáil le galar sirg ainsealach in ainmhithe den chineál fia, agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2181 ón gCoimisiún ([5]), cuireadh síneadh le bailíocht Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1918 go dtí deireadh 2020 chun go mbeadh feidhm ag na bearta cosanta go dtí deireadh an chláir faireacháin 3 bliana sin. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2181, cuireadh toirmisc agus srianta ar na bearta cosanta freisin maidir le baoití sealgaireachta atá déanta as fual ainmhithe den chineál fia.

(8) In 2018, bhraith an Fhionlainn an chéad chás den ghalar sirg ainsealach san Aontas agus bhí cás eile ann i mí na Samhna 2020. Bhraith an tSualainn trí chás den ghalar sirg ainsealach in 2019 agus cás eile i mí Mheán Fómhair 2020. Gach cás de ghalar sirg ainsealach a braitheadh san Fhionlainn agus sa tSualainn, deimhníodh iad i gcomhthéacs an chláir faireachais 3 bliana le haghaidh galar sirg ainsealach in ainmhithe den chineál fia agus is sa mhús fiáin a braitheadh iad.

(9) An 11 Samhain 2019, d'fhoilsigh EFSA an Tuairim Eolaíoch "Nuashonrú ar ghalar sirg ainsealach (CWD) III" ([6]) (Tuairim EFSA 2019) mar aon le moltaí éagsúla don Choimisiún, lena n-áirítear moltaí maidir leis na fachtóirí riosca a d'fhéadfadh leathadh an ghalair searg ainsealaigh a éascú san Aontas.

(10) Ag cur san áireamh gur braitheadh cásanna nua den ghalar sirg ainsealach san Iorua, san Fhionlainn agus sa tSualainn, go dtí go ndéanfar measúnú eolaíoch ar thorthaí an chláir faireacháin, agus ag cur san áireamh go raibh gá le tuilleadh ama chun machnamh a dhéanamh ar mholtaí Thuairim EFSA 2019, cuireadh síneadh arís le tréimhse chur i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1918 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2167 ón gCoimisiún ([7]), go dtí an 31 Nollaig 2022, chun na deimhnithe is déanaí maidir leis an ngalar sirg ainsealach a bhí san Fhionlainn agus sa tSualainn a léiriú.

(11) Ós rud é gur cuireadh bearta cosanta Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1918 i bhfeidhm ó 2016, leis an staid eipidéimeolaíoch is déanaí maidir leis an ngalar sirg ainsealach ní féidir a bheartú go ndéanfar é a dhíothú am ar bith go luath, go mbeadh sé míchuí ó thaobh an dlí de síneadh a chur le cur i bhfeidhm na mbeart cosanta bunaithe ar Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 arís, agus mar sin féin, gur cheart go leanfadh na bearta d'fheidhm a bheith acu chun cosc a chur ar leathadh breise an ghalair searg ainsealaigh san Aontas agus i Stáit CSTE,, ba cheart Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 a leasú chun na bearta a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1918, a chur in oiriúint de réir mar is gá chun an deimhniú maidir le galar sirg ainsealach san Fhionlainn agus sa tSualainn a chur san áireamh.

([3]) [Iris EFSA] 2017;15(1):4667.

([4]) Rialachán (AE) 2017/1972 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2017 lena leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le clár faireachais i ndáil le galar sirg ainsealach in ainmhithe den chineál fia san Eastóin, san Fhionlainn, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Pholainn agus sa tSualainn agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2007/182/CE ón gCoimisiún (IO L 281, 31.10.2017, lch. 14).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2181 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2017 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1918 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil leis an ngalar sirg ainsealach (IO L 307, 23.11.2017, lch. 58).

([6]) [Iris EFSA] 2019;17(11)5863.

([7]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2167 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1918 maidir le bearta cosanta áirithe i ndáil leis an ngalar sirg ainsealach tríd an tréimhse ina gcuirfear i bhfeidhm é a shíneadh (IO L 431, 21.12.2020, lch. 70).

(12) Dá bhrí sin, bunaithe ar chonclúidí ar thuairimí ó EFSA in 2016 agus in 2019, is gá an toirmeasc ar ghluaiseacht ainmhithe beo den chineál fia ón Iorua isteach san Aontas a choinneáil. Ar chúiseanna praiticiúla, ba cheart go leanfadh an toirmeasc sin d'fheidhm a bheith aige maidir le hainmhithe beo den chineál fia a bhogtar i gcomhar le gníomhaíocht an duine, ach gan feidhm a bheith aige maidir le gluaiseachtaí ainmhithe fiáine den chineál fia a théann trasna na teorann nach mbaineann aon idirghabháil le duine leo. Ba cheart maoluithe sonracha ón toirmeasc sin a leagan síos chun gluaiseachtaí áirithe ainmhithe beo den chineál fia ón Iorua a cheadú isteach san Aontas, lena n-áirítear innilt shéasúrach trasteorann réinfhianna leath-cheansaithe, agus gluaiseachtaí réinfhianna leath-cheansaithe lena n-úsáid in imeachtaí cultúrtha nó spóirt sa tSualainn. Mar sin féin, mar gheall ar an riosca do shláinte ainmhithe a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh na ngluaiseachtaí a cheadaítear leis na maoluithe sin, go háirithe maidir le héilliú comhshaoil ó phrióin a bhaineann leis an ngalar sirg ainsealach sna limistéir chinn scríbe, ba cheart gluaiseachtaí den sórt sin a bheith srianta i gcónaí do limistéir shainithe san Fhionlainn agus sa tSualainn, agus ba cheart cosc ar ghluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia ó na limistéir sin a bheith faoi thoirmeasc i gcónaí, gan dochar do mhaoluithe sonracha.

(13) Ós rud é go bhfuil an galar sirg ainsealach dearbhaithe anois in dhá Bhallstát, agus bunaithe ar chonclúidí ar thuairimí ó EFSA in 2016 agus in 2019 maidir leis na fachtóirí riosca lena bhféadfaí leathadh an ghalair searg ainsealaigh a éascú san Aontas, is gá foráil a dhéanamh maidir le toirmeasc ar ghluaiseacht ainmhithe beo den chineál fia ó Bhallstát lena mbaineann an galar sin chuig an gcuid eile den Aontas. Ar chúiseanna praiticiúla, ba cheart feidhm a bheith ag an toirmeasc sin maidir le hainmhithe beo den chineál fia a bhogtar i gcomhar le gníomhaíocht an duine, ach gan feidhm a bheith aige maidir le gluaiseachtaí ainmhithe fiáine den chineál fia nach mbaineann aon idirghabháil le duine leo. Ba cheart maoluithe sonracha maidir leis an toirmeasc sin a leagan síos chun gluaiseachtaí áirithe ainmhithe beo den chineál fia a cheadú ó na Ballstáit lena mbaineann an galar sirg ainsealach, lena n-áirítear chun a áirithiú go mbeidh rochtain shábháilte ar acmhainní géiniteacha luachmhara fianna idir na Ballstáit lena mbaineann mar aon le luachshocrú na n-acmhainní sin.

(14) Ba cheart an toirmeasc ar allmhairiú baoití sealgaireachta atá déanta as fual a dhíorthaítear ó ainmhithe den chineál fia agus an toirmeasc ar ghluaiseacht baoití sealgaireachta atá déanta as fual a dhíorthaítear ó ainmhithe den chineál fia de thionscnamh na hIorua a choinneáil ar bun. Ina theannta sin, ba cheart toirmeasc a chur ar ghluaiseachtaí baoití sealgaireachta atá déanta as fual a dhíorthaítear ó ainmhithe den chineál fia de thionscnamh Bhallstáit inar deimhníodh cásanna den ghalar sirg ainsealach.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 a leasú dá réir.

(16) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní VIII agus IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 mar a leanas:

1. Leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) Leasaítear Caibidil A mar a leanas:

(i) scriostar Roinn B;

(ii) cuirtear an Roinn C seo a leanas léi:

"ROINN C

Coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le hainmhithe den chineál fia

1. Liosta de na Ballstáit agus de na limistéir díobh arna suíomh i ndáil leis an ngalar sirg ainsealach

1.1. Ballstáit inar deimhníodh cásanna den ghalar sirg ainsealach:

(a) an Fhionlainn

(b) an tSualainn

1.2. Limistéir na Fionlainne agus na Sualainne a sainmhíníodh i ndáil leis an riosca maidir leis an ngalar sirg ainsealach a bhaineann le gluaiseachtaí traidisiúnta trasteorann de réinfhianna beo leath-cheansaithe go dtí an Iorua agus amach ón Iorua:

(a) san Fhionlainn: An limistéar atá suite idir teorainn na hIorua-na Fionlainne agus Sconsa Réinfhianna na hIorua-na Fionlainne;

(b) sa tSualainn:

— contae Norrbotten,

— contae Västerbotten,

— contae Jämtland,

— contae Västernorrland,

— bardas Älvdalen i gcontae Dalarna,

— bardais Nordanstig, Hudiksvall agus Söderhamn i gcontae Gävleborg.

2. Gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia ón Iorua isteach san Aontas

2.1. Beidh toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia ón Iorua isteach san Aontas.

2.2. De mhaolú ar phointe 2.1, ceadófar na gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia seo a leanas:

(a) gluaiseachtaí de réinfhianna beo leathcheansaithe le haghaidh innilt shéasúrach ón Iorua go dtí na limistéir sa tSualainn a liostaítear i bpointe 1.2(b) ar choinníoll go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na Sualainne roimh ré maidir leis na gluaiseachtaí sin;

(b) filleadh réinfhianna beo leathcheansaithe ón Iorua chuig na limistéir sa tSualainn a liostaítear i bpointe 1.2(b) tar éis innilt shéasúrach san Iorua, ar choinníoll go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na Sualainne roimh ré maidir leis na gluaiseachtaí sin;

(c) gluaiseachtaí de réinfhianna beo leathcheansaithe ón Iorua le haghaidh innilt shéasúrach go dtí na limistéir san Fhionlainn a liostaítear i bpointe 1.2(a);

(d) filleadh réinfhianna beo leathcheansaithe ón Iorua go dtí an Fhionlainn tar éis dóibh innilt san Iorua sa limistéar atá suite idir teorainn na hIorua-na Fionlainne agus Sconsa Réinfhianna na hIorua-na Fionlainne;

(e) gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia ón Iorua go dtí an tSualainn nó an Fhionlainn a bhfuil sé beartaithe iad a mharú go díreach, ar choinníoll go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil an Bhallstáit cinn scríbe roimh ré maidir leis na gluaiseachtaí sin;

(f) gluaiseachtaí de réinfhianna beo leathcheansaithe le haghaidh imeachtaí spóirt nó imeachtaí cultúrtha ón Iorua go dtí na limistéir sa tSualainn a liostaítear i bpointe 1.2(b), ar choinníoll go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na Sualainne roimh ré maidir leis na gluaiseachtaí sin;

(g) filleadh réinfhianna beo leathcheansaithe ón Iorua chuig na limistéir sa tSualainn a liostaítear i bpointe 1.2(b) tar éis dóibh a bheith páirteach in imeachtaí spóirt nó in imeachtaí cultúrtha san Iorua, ar choinníoll go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na Sualainne roimh ré maidir le gach ceann de na gluaiseachtaí sin;

(h) idirthuras ainmhithe beo den chineál fia ón Iorua tríd an tSualainn nó tríd an bhFionlainn agus a bhfuil an Iorua mar cheann scríbe acu, ar choinníoll go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil Bhallstát an idirthurais roimh ré.

3. Gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia amach as limistéir na Fionlainne agus na Sualainne lena mbaineann traidisiún maidir le gluaiseachtaí trasteorann réinfhianna leathcheansaithe leis an Iorua

3.1. Beidh toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe beo de chineál fia amach as na limistéir a liostaítear i bpointe 1.2.

3.2. De mhaolú ar phointe 3.1, ceadófar na gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia seo a leanas amach as na limistéir a liostaítear i bpointe 1.2:

(a) gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia chuig an Iorua, ar choinníoll go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na hIorua roimh ré maidir leis na gluaiseachtaí sin;

(b) gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia a bhfuil sé beartaithe iad a mharú san Fhionlainn nó sa tSualainn, ar choinníoll go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag an údarás inniúil cinn scríbe roimh ré maidir leis na gluaiseachtaí sin;

(c) gluaiseachtaí de réinfhianna beo foraoise ó na limistéir sa tSualainn a liostaítear i bpointe 1.2(b) go dtí an Fhionlainn ar choinníoll go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na Fionlainne roimh ré maidir leis na gluaiseachtaí sin;

(d) gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia ó bhunaíocht theoranta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(48) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus atá suite i limistéar a liostaítear i bpointe 1.2(b) den Iarscríbhinn seo, chuig bunaíocht theoranta, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(48) de Rialachán (AE) 2016/429, sa tSualainn, ar choinníoll go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag údarás inniúil na Sualainne roimh ré maidir leis na gluaiseachtaí sin.

4. Gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia ó Bhallstát inar deimhníodh an galar sirg ainsealach

4.1. Gan dochar do na forálacha a leagtar síos i bpointe 3, beidh toirmeasc ar ghluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia ó Bhallstát a liostaítear i bpointe 1.1 chuig Ballstáit eile.

4.2. De mhaolú ar phointe 4.1, ceadófar na gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia seo a leanas amach as Ballstát a liostaítear i bpointe 1.1:

(a) gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia a bhfuil sé beartaithe iad a mharú go díreach i mBallstát eile a liostaítear i bpointe 1.1 nó san Iorua;

(b) gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia a chuirtear chuig Ballstát eile a liostaítear i bpointe 1.1 nó chuig an Iorua chun críocha eile seachas iad a mharú go díreach, ar choinníoll go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag an údarás inniúil cinn scríbe roimh ré maidir leis na gluaiseachtaí sin;

(c) gluaiseachtaí ainmhithe beo den chineál fia ó bhunaíocht theoranta mar a shainmhínítear in Airteagal 4(48) de Rialachán (AE) 2016/429 chuig bunaíocht theoranta, mar a shainmhínítear in Airteagal 4(48) de Rialachán (AE) 2016/429, i mBallstát eile, ar choinníoll go mbeidh toiliú i scríbhinn tugtha ag an údarás inniúil cinn scríbe roimh ré maidir leis na gluaiseachtaí sin.";

(*) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

(b) i gCaibidil C, cuirtear an Roinn C seo a leanas leis:

"*ROINN C*

Baoití sealgaireachta atá déanta as fual ó ainmhithe den chineál fia

1. Beidh toirmeasc ar ghluaiseacht coinsíneachtaí de bhaoití sealgaireachta atá déanta as fual a dhíorthaítear ó ainmhithe den chineál fia isteach san Aontas.

2. Beidh toirmeasc ar bhaoití sealgaireachta atá déanta as fual a dhíorthaítear ó ainmhithe den chineál fia de thionscnamh na mBallstát a liostaítear i gCaibidil A, Cuid C, i bpointe 1.1 a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid.";

2. cuirtear an pointe 3 seo a leanas le hIarscríbhinn IX, i gCaibidil F:

"3. Beidh toirmeasc ar bhaoití sealgaireachta atá déanta as fual a dhíorthaítear ó ainmhithe den chineál fia a allmhairiú isteach san Aontas.".